



An Bhruiséil, 15 Samhain 2023
(OR. en)

15126/23

LIMITE

DEVGEN 195
ACP 108
RELEX 1278
NDICI 28
SUSTDEV 138

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle
Ábhar:	An cur chuige 'Foireann na hEorpa' - Dréachtchonclúidí ón gComhairle

1. Sa chlár oibre tascach uaithi don Mheitheal um Chomhar um Fhorbairt agus Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (WP CODEV-PI) d'fhógair Uachtaránacht na Spáinne go raibh sé ar intinn aici cur chun feidhme an chur chuige 'Foireann na hEorpa' a mheas, trí bliana go leith tar éis a bhunaithe i mí Aibreáin 2020.
2. Dá réir sin, scrúdaigh an Mheitheal CODEV-PI dréachtchonclúidí ón gComhairle a d'ullmhaigh Uachtaránacht na Spáinne agus tháinig sí ar chomhaontú ar leibhéal na meithle an 14 Samhain 2023.
3. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú maidir leis an téacs mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é a dhearbhu agus é a chur faoi bhráid na Comhairle lena fhormheas.

Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an gcur chuige ‘Foireann na hEorpa’

1. Measann an Chomhairle nach mór a chur san áireamh go raibh géarchéimeanna éagsúla, ceann i ndiaidh a chéile agus iad fite fuaite ina chéile, le sárú ag an domhan ó bunaíodh an cur chuige ‘Foireann na hEorpa’, cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus paindéim COVID-19 ina measc, chomh maith leis na hiarmhairtí a tháinig astu agus atá fós i gceist. Leis na géarchéimeanna iomadúla sin, is lú anois acmhainneacht na dtíortha comhpháirtíochta dul i ngleic le síordhúshlán na bochtaineachta, an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil, coinbhleachtaí, éiginnteacht an tsoláthair bia, neamhionannais mhéadaitheacha agus an sleabhadh eacnamaíoch, agus iarmhairtí tromchúiseacha acu don imirce agus don easáitiú éigeantais.
2. Leis an gcur chuige ‘Foireann na hEorpa’, méadaítear an cumas atá san Aontas agus sna Ballstáit oibriú i gcomhar le tíortha comhpháirtíochta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin agus ar dhúshlán dhomhanda eile, chun a n-iarmhairtí a mhaolú agus chun aistriú sóisialta, glas agus digiteach a cheadú, agus cearta an duine, an daonlathas, an smacht reachta agus comhionannas inscne á gcaomhnú san am céanna. Leis an gcur chuige ‘Foireann na hEorpa’, feabhsaítear an comhordú ar fud an naisc thriaraigh idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin (an nasc DFS).
3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle na conclúidí uaithe an 8 Meitheamh 2020 agus an 23 Aibreán 2021 agus leagann sí béim ar a mhéid a rannchuidíonn an cur chuige ‘Foireann na hEorpa’ le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, Chlár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa agus Chomhaontú Pháras trí chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát, tríd an gcomhar um fhorbairt, trí Straitéis Global Gateway, agus beartais eile. Tá rún daingean ag an Aontas agus ag na Ballstáit i gcónaí freagairt go beo do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) agus spriocanna Chomhaontú Pháras agus a bheith rannpháirteach ar scála níos mó i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach, i bhfianaise na gcéimeanna ar gcúl a bhí i gceist agus an dul chun cinn nach raibh leordhóthanach ar an iomlán, agus leas á bhaint as gach modh is féidir, lena n-áirítear acmhainneacht iomlán an ollstruchtúir airgeadais Eorpaigh don fhorbairt a shlógadh.

4. Cuireann an Chomhairle chun suntais go léirítear leis an gcur chuige ‘Foireann na hEorpa’ ról domhanda, freagracht agus dlúthpháirtíocht an Aontais, agus measann sí go bhfuil sé ríthábhachtach éifeachtacht na forbartha a uasmhéadú, Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt (CBF) a chur chun cinn agus cur chuige ‘Oibriú Níos Fearr le Chéile’ a chur chun feidhme. Is bealach é an cur chuige ‘Foireann na hEorpa’ freisin le rannchuidiú chun go mbeadh Ollstruchtúr Airgeadais Eorpach don Fhorbairt níos comhleanúnaí, níos éifeachtúla, níos éifeachtaí, níos infheicthe agus chun gur mó an tionchar a bheadh aige. Chomh maith leis an ollstruchtúr airgeadais domhanda a athchóiriú agus tógáil ar an gComhdhearcaidh Eorpach Nua maidir le Forbairt, tá sé fós ina chloch choirnéil ag Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais agus ag an Straitéis Global Gateway gealltanais dhomhanda a bhaint amach.
5. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an cur chuige ‘Foireann na hEorpa’ le haghaidh na cumarsáide straitéisí comhordaithe agus le haghaidh infheictheacht ghníomhaíochtaí comhpháirteacha an Aontais.
6. Measann an Chomhairle gur tráthúil anois machnamh a dhéanamh ar an gcur chuige ‘Foireann na hEorpa’, i gcomhthéacs fhorbairt an chomhair Eorpaigh um fhorbairt. Le linn na tréimhse sin, ghlac an tAontas an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI-ED) agus tá an Straitéis Global Gateway seolta aige. Measann an Chomhairle go bhféadfaí an cur chuige ‘Foireann na hEorpa’ a fheabhsú agus a chomhtháthú a thuilleadh in ailtireacht forbartha an Aontais. Tá an Chomhairle ag tnúth le torthaí mheastóireacht mheántearma ICFCI-ED, lena dtabharfar tuilleadh léargais thábhachtacha ar an gcaoi a dtacaíonn an ionstraim le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais, le beartas an aontais maidir le comhar um fhorbairt agus le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta an Aontais.
7. Aithníonn an Chomhairle gur mhaith againn an cur chuige ‘Foireann na hEorpa’ agus gur sholáthair sé an tsolúbthacht ba ghá chun oiriúnú agus freagairt do na héilimh a d’eascair as paindéim COVID-19, an ghéarchéim aeráide agus dúshlán dhomhanda eile. Tá sé cruthaithe freisin gur maith againn an cur chuige seo agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha á gcur chun cinn chun tacú le cuspóirí agus luachanna comhroinnte an Aontais, a Bhallstát agus a thíortha comhpháirtíochta, trí chomhghuaillíochtaí il-gheallsealbhóirí a bhunú.

8. Tá cur chun feidhme Straitéis Global Gateway, a seoladh in 2021, tar éis an-tairbhe a bhaint as an gcur chuige ‘Foireann na hEorpa’ suas le EUR 300 billiún d’infheistíochtaí a shlógadh faoi dheireadh CAI. Tá feabhas tagtha, a bhuí leis, ar shainaithint, cur chun feidhme agus cumarsáid tionscnamh comhpháirteach cuimsitheach trí shaineolas an Aontais agus na mBallstát, institiúidí airgeadais forbartha agus an earnáil phríobháideach a thabhairt le chéile. Agus béim á leagan ar bhunluachanna agus ar dhea-chleachtais an Aontais, úsáidtear an cur chuige ‘Foireann na hEorpa’ mar phríomhmhodh seachadta le haghaidh na Straitéise Global Gateway.
9. Tá rún daingean ag an gComhairle cur chun feidhme an chur chuige ‘Foireann na hEorpa’ a fheabhsú agus a threisiú trí gach ceann de na trí phríomhmhodhanna a thagann faoin gcur chuige a nascadh le chéile, eadhon Clársceidealú Comhpháirteach (JP), Cur Chun Feidhme Comhpháirteach (JI) agus Tionscnaimh ‘Foireann na hEorpa’, agus, i gcás inarb ábhartha, trí mheascán de na trí phríomhmhodh a cheangal le chéile, ag tógáil ar dhea-chleachtais agus ar cheachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme an Clársceidealaithe Chomhpháirtigh agus na dtionscnamh ‘Foireann na hEorpa’. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí do phrionsabail an chur chuige ‘Ag Obair Níos Fearr le Chéile’ agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas ó thaobh na cuimsitheachta de.
10. Ba cheart go bhfeidhmeodh an cur chuige ‘Foireann na hEorpa’ mar bhosca uirlisí cuimsitheach lena dtugtar le chéile módúlachtaí agus ionstraimí éagsúla an Aontais agus na mBallstát — agus na nósanna imeachta cinnteoireachta atá ann cheana agus inniúlachtaí institiúideacha gheallsealbhóirí an chur chuige ‘Foireann na hEorpa’ faoi seach á n-urramú san am céanna — chun príomhphrionsabail éifeachtacht na forbartha a chur i bhfeidhm go leordhóthanach. Le cur chun feidhme an chur chuige ‘Foireann na hEorpa’, ba cheart cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a ghlacadh agus rannchuidiú leis na cuspóirí agus na spriocanna uile a leagtar amach i Rialachán ICFCI–ED. Meabhraíonn an Chomhairle an gealltanais a tugadh faoi Rialachán NDICI-GE a áirithiú go mbeidh comhionannas inscne mar phríomhchuspóir nó mar chuspóir suntasach ag 85 % ar a laghad de na gníomhaíochtaí nua a chuirfear chun feidhme.

11. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh tuilleadh comhordúcháin ann idir gheallsealbhóirí an chur chuige ‘Foireann na hEorpa’, agus iad á dtreorú ag an bprionsabal ‘an beartas chun tosaíthe’ le linn an chlársceidealaithe agus an chur chun feidhme, agus a gcuid straitéisí, a gcuid beartas agus a gcuid ionstraimí á n-urramú acu. Chuige sin, is gá treoir straitéiseach bhreise a bheith ann ón gComhairle maidir le cuspóirí agus tosaíochtaí beartais na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda (ICFCI–ED), chun treisiú leis an gcomhleanúnachas, an chomhsheasmhacht agus an chomhlántacht le hionstraimí agus beartais ábhartha eile de chuid an Aontais agus luachanna agus leasanna an Aontais á saothrú. Iarrann an Chomhairle ar chomhaltaí uile an chur chuige ‘Foireann na hEorpa’ gach beart is gá a dhéanamh lena áirithiú go mbeidh an cur chuige ‘Foireann na hEorpa’ ag teacht leis an gcúram dúshlánach sin.
12. Beidh an nuashonrú ar an treoir¹ ‘Oibriú Níos Fearr le Chéile mar Fhoireann na hEorpa’ ina rannchuidiú tábhachtach i ndáil leis an iarracht sin. Leanfaidh an Chomhairle de threoir straitéiseach a chur ar fáil maidir le hidirphlé beartais, rialachas, modhanna oibre, agus faireachán agus meastóireacht, agus próisis bhairinneacha á gcoinneáil ar siúl aici san am céanna.
13. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi a ghlac sí an 23 Aibreán 2021 maidir le Foireann na hEorpa², tá an treoir straitéiseach a leanas á cur ar fáil ag an gComhairle le haghaidh an chur chuige ‘Foireann na hEorpa’ chun treisiú le comhpháirtíochtaí, comhleanúnachas beartais, agus i ndeireadh na dála, le héifeachtacht na forbartha. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle leis seo go ndéanfaí an méid seo a leanas:
- a. Go ndéanfaí an cur chuige ‘Foireann na hEorpa’ a úsáid mar rogha na tosaíochta nuair is féidir sin a dhéanamh le haghaidh chomhar agus comhpháirtíochtaí um fhorbairt an Aontais agus na mBallstát, ionas go ndéanfar an éifeachtacht agus an comhleanúnachas beartais a uasmhéadú leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach agus Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa agus Comhaontú Pháras a chur chun feidhme. Ba cheart leanúint den chur chuige seo a úsáid chun gach gné ábhartha de chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus de chomhar um fhorbairt an Aontais agus a Bhallstát a chomhcheangal agus é mar aidhm an chuimsitheacht agus an comhar a chothú leis na Ballstáit agus idir na Ballstáit.

¹ [Working Better Together as Team Europe Through joint programming and joint implementation - Tools and Methods Series Guidelines N° 10](#) (Eanáir 2021, ISSN 1977-8309)

² 7894/2021

- b. Go ndéanfaí an clársceidealú comhpháirteach a neartú ina ghnéithe éagsúla mar an cur chuige is fearr le haghaidh clársceidealú tíortha, agus leas á bhaint as an móiminteam comhoibríoch agus as an bparaidím straitéiseach nua atá mar thoradh ar na tionscnaimh faoin bpacáiste ‘Foireann na hEorpa’ agus faoin straitéis Global Gateway. Ba cheart an clársceidealú comhpháirteach a choinneáil saorálach, solúbtha, cuimsitheach agus in oiriúint do chomhthéacs na tíre comhpháirtíochta. Le hathbhunú na mapála ar na próisis clársceidealaithe comhpháirtigh, ba cheart go gcomhlánófaí na doiciméid chlársceidealaithe náisiúnta le haghaidh na mBallstát leasmhar.
- c. Go dtabharfaí tacaíocht do thíortha comhpháirtíochta chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach trí thionscnaimh faoin bpacáiste ‘Foireann na hEorpa’ agus faoin Global Gateway a ailíniú le cuspóirí agus tosaíochtaí phleananna agus straitéisí forbartha náisiúnta na dtíortha comhpháirtíochta. Go ndéanfaí méadú ar an úinéireacht áitiúil, ar an ailíniú, agus ar an gcomhchuibhiú laistigh den chur chuige ‘Foireann na hEorpa’, go ndíreofaí ar thorthaí, ar thionchar agus cuntasacht fhrithpháirteach trí idirphlé beartais le tíortha comhpháirtíochta maidir le beartais agus cuspóirí forbartha áitiúla, náisiúnta agus réigiúnacha, arna chomhordú ar an láthair ag Toscaireachtaí an Aontais leis an rannpháirtíocht is cuimsithí is féidir ó na Ballstáit.
- d. Go ndéanfaí luachanna daonlathacha agus ardchaighdeáin, dea-rialachas agus trédhearcacht agus comhrac an éillithe a chur chun cinn mar ghnéithe atá lárnach má táthar le cur le héifeachtúlacht agus trédhearcacht na n-iarreachtaí forbartha atá ar siúl faoi ‘Foireann na hEorpa’ i dtíortha comhpháirtíochta agus leis na torthaí nithiúla a thiocfaidh as na hiarrachtaí forbartha sin.
- e. Go n-eagrófaí idirphlé beartais ardleibhéil, misin ‘Foireann na hEorpa’, gníomhaíochtaí agus rannpháirtíocht pholaitiúil agus rannpháirtíocht in imeachtaí ardleibhéil agus infheistíochta i dtíortha comhpháirtíochta agus i bhfóiraim iltaobhacha. D’fhéadfadh an méid sin cumarsáid straitéiseach agus an infheictheacht a threisiú tríd an gcur chuige ‘Foireann na hEorpa’, lena n-áirítear i bhfianaise chomhrac na bhfeachtas bréagaisnéise. Tá ról lárnach ag Toscaireachtaí an Aontais agus ag ambasáidí na mBallstát maidir le tionscnaimh a mholadh agus na garspriocanna is ábhartha a shainaithint le haghaidh eagrú na misean ‘Foireann na hEorpa’, agus maidir le hiarrachtaí cumarsáide a chomhordú.
- f. Go ndéanfaí an tAontas a chur chun cinn mar chomhpháirtí iontaofa luachanna-bhunaithe trí insint chomhpháirteach Eorpach ar an bhforbairt dhomhanda trí chumarsáid a dhéanamh maidir le príomhthosaíochtaí agus torthaí i gcur chuige ‘Foireann na hEorpa’, trí úsáid a bhaint as bealaí seanbhunaithe éifeachtacha chun dul i dteagmháil le lucht éisteachta speisialaithe agus neamhspeisialaithe araon.

- g. Go ndéanfadh na Ballstáit treoir straitéiseach a sholáthar go rialta trí chomhlachtaí ábhartha na Comhairle, maidir leis na tosaíochtaí straitéiseacha a bheidh le saothrú faoin gcur chuige ‘Foireann na hEorpa’, go háirithe maidir le cur chun feidhme na hionstraime ICFCI–ED agus na Straitéise Global Gateway, agus é á áirithiú go mbeidh cinnteoireacht thrédhearcach, rialachas comhleanúnach agus cur chun feidhme cuimsitheach ina gcroíchodanna den chur chuige ‘Foireann na hEorpa.’
- h. Go méadófaí a thuilleadh cuimsitheacht agus éifeachtúlacht na dtionscnaimh faoin bpacáiste ‘Foireann na hEorpa’ chun leas iomlán a bhaint as eolas, scileanna, acmhainneachtaí, saineolas agus acmhainní polaitiúla na rannpháirtithe uile. Ba cheart do thoscaireachtaí an Aontais gníomhú mar chomhordaitheoirí ar an láthair don idirphlé maidir le cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme an chur chuige ‘Foireann na hEorpa’ agus na dtionscnamh ‘Foireann na hEorpa’, i gcomhar le hambasáidí na mBallstát. Ba cheart do thoscaireachtaí an Aontais sreabhadh faisnéise cuí tráthúil a áirithiú agus rannchuidiú, go háirithe le cuimsiú na mBallstát sin nach bhfuil ionadaíocht acu ar an láthair. Ba cheart do Thoscaireachtaí an Aontais freisin cuairteanna comhpháirteacha ‘Foireann na hEorpa’ ar thíortha comhpháirtíochta agus fóraim chomhpháirteacha lena n-údaráis a éascú freisin. Ba cheart go háirithe leis na tionscnaimh faoin bpacáiste ‘Foireann na hEorpa’ idir náisiúnta, réigiúnacha agus domhanda struchtúir rialachais agus bhainistíochta éifeachtúla agus bharainneacha a choinneáil ar bun chun rannpháirtíocht ghníomhaithe Fhoireann na hEorpa a éascú, agus tosaíochtaí na dtíortha comhpháirtíochta á gcur san áireamh agus úinéireacht na ngníomhaithe sin á n-áirithiú ag an am céanna.
- i. Go ndéanfaí iarrachtaí comhpháirteacha le gníomhaithe eile i gcur chuige il-gheallsealbhóra chun an tionchar forbartha a uasmhéadú. Áirítear orthu sin na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, baine forbartha iltaobhacha agus réigiúnacha, institiúidí airgeadais, tíortha deontóra eile, an tsochaí shibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, cosantóirí chearta an duine, údaráis agus pobail áitiúla, an earnáil phríobháideach agus institiúidí eolais.
- j. Go ndéanfaí an rannpháirtíocht a chur chun cinn feadh an naisc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin (an nasc DFS) i gcomhthéacsanna leochaileacha iarghéarchéime. Is é an nasc DFS an caighdeán a aithnítear go hidirnáisiúnta chun éifeachtúlacht, inbhuanaitheacht agus éifeachtacht na gníomhaíochta daonnúla, forbartha agus síochána a chur chun cinn, lena n-áirítear infheistíochtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha chomh maith le gníomhaíochtaí polaitiúla, taidhleoireachta agus slándála. I gcomhréir leis na staidéir a rinne an Coimisiún Eorpach le déanaí, ba cheart beartas agus creat oibríochtúil an naisc DFS a fhorbairt a thuilleadh.

k. Go ndéanfaí an Creat Faireacháin, Tuairiscithe agus Meastóireachta faoin tionscnamh Foireann na hEorpa (TEI MORE) a chur i bhfeidhm i bpleanáil, dearadh agus cur chun feidhme na dtionscnamh nua agus leanúnacha faoin bpacáiste ‘Foireann na hEorpa’ chun measúnú a dhéanamh ar an méid a chuireann siad le tionchar na forbartha agus chun sonraí a sholáthar maidir le torthaí foriomlána na dtionscnamh faoin bpacáiste ‘Foireann na hEorpa’ chun críoch cumarsáide poiblí. Chuige sin, ba cheart rianaire na dtionscnamh ‘Foireann na hEorpa’ (TEI Tracker) a choinneáil cothrom le dáta i gcónaí. Ba cheart do sheirbhísí an Choimisiúin agus do SEGS faisnéis mhionsonraithe a sholáthar don Chomhairle ar bhonn rialta maidir leis an gcur chuige ‘Foireann na hEorpa’ a chur chun feidhme agus dul i gcomhairle leis na Ballstáit maidir le módúlachtaí a chur chun feidhme.

14. Tá an Chomhairle tiomanta i gcónaí measúnú rialta a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar an tionchar i gcur chun feidhme chur chuige ‘Foireann na hEorpa’ i gcomhréir leis na conclúidí seo ón gComhairle.